**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/78 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 27 Eanáir 2021**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 lena maolaítear ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 615/2014, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1368 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 a mhéid a bhaineann le bearta áirithe chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim a d'eascair as paindéim COVID-19**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 54 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 ón gCoimisiún ([2]), tugadh isteach roinnt maoluithe ar na rialacha a bhí ann cheana *inter alia* in earnáil an fhíona, maoluithe arbh é ab aidhm dóibh faoiseamh a thabhairt d'oibreoirí fíona chun cuidiú leo déileáil le tionchar phaindéim COVID-19. D'ainneoin a úsáidí atá na bearta sin, áfach, níor éirigh le margadh an fhíona a chothromaíocht idir soláthar agus éileamh a athghnóthú ná ní mheastar go bhfaighidh sé ar ais é sa ghearrthéarma ná sa mheántéarma de dheasca na paindéime leanúnaí.

(2) Thairis sin, táthar ag leanúint de na bearta a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 i bhformhór na mBallstát agus ar fud an domhain. Áirítear ar na bearta sin srianta a fhorchur i ndáil le méid na gcruinnithe sóisialta agus ócáidí ceiliúrtha, agus i ndáil leis na deiseanna le hithe agus le hól lasmuigh d'áitreabh pearsanta. Leantar de dhianghlasáil a fhorchur i limistéir áirithe, chomh maith le hócáidí poiblí agus cóisirí príobháideacha a chur ar ceal. Mar thoradh iarmhartach ar na srianta sin tá laghdú breise tagtha ar thomhaltas fíona san Aontas agus laghdú deimhnithe ar onnmhairiú fíona go tríú tíortha. Ina theannta sin, i ngeall ar an éiginnteacht maidir le fad na géarchéime, ar dócha go mairfidh sí níos faide ná deireadh na bliana 2020, tá dochar fadtéarmach á dhéanamh d'earnáil fíona an Aontais toisc nach dócha go dtiocfaidh téarnamh ar thomhaltas fíona agus go gcaillfear sciar den mhargadh onnmhairíochta. Tá tionchar diúltach nach beag á imirt ag an meascán cúinsí sin ar an bpraghsáil i margadh fíona an Aontais. Tá méadú tagtha ar stoic a bhí níos airde ná riamh cheana féin ag tús na bliana margaíochta 2019-2020. Ar deireadh, ní bheidh mar thoradh ar an bhfómhar ardtáirgeachta atá le teacht in 2020, fómhar a mheastar go mbeidh thart ar dheich milliún heictilítear níos mó fíona ann ná mar a bhí i bhfómhar 2019, ach go rachaidh an cás in olcas a thuilleadh.

(3) Mar iarmhairt air sin, i bhfianaise a fhad atá na srianta arna bhforchur ag na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 ag dul ar aghaidh agus i bhfianaise an gá le srianta a choimeád i bhfeidhm, tá an ghéar-shuaitheadh eacnamaíoch sna hasraonta fíona is suntasaí agus an tionchar diúltach ar an éileamh ar fhíon a eascraíonn as sin dulta in olcas.

(4) I bhfianaise an tsuaite rí-thromchúisigh margaidh seo agus charnadh na n-imthosca deacra atá tagtha chun cinn in earnáil an fhíona, rud a d'eascair as taraifí a ghearr na Stáit Aontaithe ar allmhairí fíona ón Aontas i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus atá ag dul ar aghaidh go fóill de bharr thionchar na mbeart sriantach leanúnach mar gheall ar phaindéim dhomhanda COVID-19, leanann oibreoirí in earnáil fíona an Aontais d'aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí eisceachtúla. Tá údar dá bhrí sin le tuilleadh cúnaimh d'earnáil an fhíona.

(5) Cur chun feidhme na mbeart chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim in earnáil fíona an Aontais, bearta ar tugadh isteach iad le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600, meastar go bhfuil sé fíor-riachtanach leanúint de chun na solúbthachtaí atá ag teastáil chun cláir thacaíochta a chur chun feidhme in earnáil fíona an Aontais a sholáthar do na Ballstáit agus d'oibreoirí. Leis an deis a bhí ag na Ballstáit athruithe a thabhairt isteach ina gcláir náisiúnta féin aon uair ba ghá le linn na bliana, go háirithe, cuireadh ar a gcumas do na Ballstáit freagairt go tapa do na himthosca eisceachtúla a bhí ann le míonna beaga anuas agus athruithe a chur isteach ina gcláir thacaíochta chomh luath agus

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2020 lena maolaítear ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 615/2014, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1368 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 maidir le bearta áirithe chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim a d'eascair as paindéim COVID-19 (IO L 140, 4.5.2020, lch. 40).

a measadh gur gá. Leis an tsolúbthacht sin cuireadh ar a gcumas do na Ballstáit bearta nua a thabhairt isteach, na bearta a bhí ann cheana a bharrfheabhsú agus bearta a choigeartú níos minice, agus, de réir mar ba ghá, an staid mhargaidh mhearathraitheach á cur san áireamh. Ina theannta sin, leis an tsolúbthacht a tugadh isteach chun an beart maidir le glasbhuaint a chur chun feidhme tugadh an t-am ba ghá d'oibreoirí chun an beart a phleanáil agus an lucht saothair a theastaíonn a aimsiú le hoibriú sna dálaí deacra a d'eascair as paindéim COVID-19.

(6) Toisc go bhfuiltear ag súil leis go leanfaidh paindéim COVID-19 ar aghaidh tar éis dheireadh na bliana 2020 agus dá bhrí sin le linn cuid shuntasach de bhliain airgeadais 2021, meastar gur gá síneadh a chur le cur i bhfeidhm na mbeart ar feadh bhliain airgeadais 2021 ar fad.

(7) Ina theannta sin, mar gheall ar na deacrachtaí a bhain le bainistiú na gclár tacaíochta náisiúnta le linn phaindéim leanúnach COVID-19, thuairiscigh roinnt Ballstát nach bhfuil siad in ann athscrúdú a dhéanamh ar scálaí caighdeánacha na gcostas aonaid a chuirtear i bhfeidhm ar bhearta áirithe sna cláir sin agus a bunaíodh de bhun Airteagal 24(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150 ón gCoimisiún ([3]). Dá bhrí sin, le linn na mblianta 2020, 2021 agus 2022, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit síneadh a chur leis an tréimhse ina ndéanfar athscrúdú den sórt sin, ó gach dara bliain tar éis na ríomhanna deireanacha, dá bhforáiltear in Airteagal 24(3) den Rialachán sin, go dtí an ceathrú bliain tar éis na ríomhanna deireanacha. Chun an t-idirdhealú a sheachaint, ba cheart feidhm shiarghabhálach a bheith ag an tsolúbthacht sin amhail ó dháta theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 a leasú dá réir.

(9) Chun suaitheadh a sheachaint agus na bearta chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim in earnáil fíona an Aontais á gcur chun feidhme agus chun aistriú rianúil idir an 2 bhliain airgeadais a áirithiú, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm shiarghabhálach a bheith aige ón 16 Deireadh Fómhair 2020.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600**

Leasaítear Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. De mhaolú ar Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, féadfaidh na Ballstáit, i ndáil leis na bearta dá dtagraítear in Airteagal 45(1)(a) agus Airteagail 46 go 52 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, aon uair is gá i rith na mblianta airgeadais 2020 agus 2021 ach tráth nach déanaí ná an 15 Deireadh Fómhair 2021, athruithe a dhéanamh ar a gcláir náisiúnta thacaíochta in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 41(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.";

(2) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

"2. De mhaolú ar Airteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, i rith na mblianta airgeadais 2020 agus 2021, féadfaidh na Ballstáit:";

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2016 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na cláir náisiúnta thacaíochta in earnáil an fhíona (IO L 190, 15.7.2016, lch. 23).

(3) cuirtear mír 3 isteach mar a leanas:

“3. De mhaolú ar Airteagal 24(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, i rith na mblianta 2020, 2021 agus 2022, déanfaidh na Ballstáit athscrúdú ar na ríomhanna dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal sin sa cheathrú bliain tar éis na ríomhanna roimhe sin ar a dhéanaí agus déanfaidh siad, más gá, scálaí caighdeánacha na gcostas aonaid a bunaíodh ar dtús a choigeartú.”.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 16 Deireadh Fómhair 2020. Beidh feidhm ag pointe (3) d’Airteagal 1 ón 4 Bealtaine 2020, áfach.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Eanáir 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN